




Ombudsman
Eorpach

Úsáid teangacha oifigiúla AE

agus cumarsáid á déanamh
leis an bpobal



Moltaí praiticiúla don
riarachán AE



Is é is feidhm leis na moltaí praiticiúla seo treoir a thabhairt do riarachán an AE maidir le húsáid 24 teanga oifigiúla an AE agus cumarsáid á déanamh leis an bpobal. Is mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí a rinne an tOmbudsman Eorpach iad agus léirítear iontu tráchtanna a fuarthas ó institiúidí, comhlachtaí oifigí agus gníomhaireachtaí AE ar dhréachtú na moltaí.



Ba cheart do gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht AE na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Beartas soiléir maidir le húsáid teangacha oifigiúla AE a bhunú, ina leagtar amach cé acu teangacha atá le húsáid i gcás ar leith.

Mar shampla, i gcomhairliúcháin phoiblí, nósanna imeachta riaracháin, caidreamh preasa, nó úsáid na meán sóisialta.

2. An beartas sin a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin acu i ngach teanga oifigiúil i bhformaid sorochtana.

3. Féachaint chuige go gcomhlíontar an beartas agus go gcuirtear i bhfeidhm go seasta é ar fud na heagraíochta.

Mar shampla, tríd an tasc sin a thabhairt d'aonad nó d'fhoireann, 'oifigeach teangacha' ainmnithe a cheapadh, nó trí chuid ar leith sa tuarascáil bhliantúil.

4. A áirithiú go bhfuil aon srianta ar úsáid teangacha oifigiúla **cuspoireach, comhréireach agus trédhearcach**. Ba cheart gan aon srianta teangacha a fhorchur de dheasca costas ná ceisteanna ama go *heisiach*, ach go príomha tar éis measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ábharthacht na faisnéise do ghrúpaí geallsealbhóirí ar leith agus don phobal.

5. Achoimrí ar bhuncheisteanna a fhoilsiú i ngach teanga oifigiúil nó sa chuid is mó is féidir, má chuirtear srianta teangacha i bhfeidhm.

6. Na codanna siúd dá suíomhanna gréasáin a bhfuil spéis faoi leith ag baint leo sa phobal a chur ar fáil i ngach teanga oifigiúil. Ba cheart go n-áireofar leis sin, ar a laghad, an leathanach baile agus leathanaigh a thugann faisnéis faoina ról agus na sonraí teagmhála.

7. A áirithiú go bhfaighidh saoránaigh, iad siúd a scríobhann chuig an riarachán AE ina rogha teanga oifigiúil féin, **freagairt sa teanga chéanna** laistigh d'amscála réasúnach.

8. Bheith mar aidhm acu comhairliúcháin phoiblí a chur ar fáil i ngach teanga oifigiúil ag tús an phróisis chomhairliúcháin. Sa chás nach féidir gach doiciméad comhairliúcháin a fhoilsiú i ngach teanga oifigiúil, a léiriú go soiléir go nglacfar le hionchuir i ngach teanga oifigiúil.

9. Acmhainní aistriúcháin a roinnt, nuair is féidir, d'fhonn costais a laghdú agus lena áirithiú go bhfaighidh saoránaigh tuilleadh faisnéise i dtuilleadh teangacha.

10. Úsáid uasta a bhaint as gach uirlis agus teicneolaíocht aistriúcháin atá ar fáil.